☸An Lúibín☸

30 Aibreán 2008

Tumoideachas
Total linguistic immersion of young children is demonstrably the best way to teach them another language. In Australia, Ireland and elsewhere it is hindered by nervousness or official indolence.

San Astráil agus in Éirinn araon is fios chomh héifeachtach is atá an tumoideachas chun an dátheangachas a bhaint amach. Sna blianta tosaigh is fearr dul ina bhun, go háirithe roimh seacht mbliana d'aois, agus múineadh tríd an dá theanga ina dhiaidh sin más gá. Leanann an líofacht é, agus is fearrde Béarla na ndaltaí é. Ach ar éigean a bhaintear feidhm as sna gnáthscoileanna.

San Astráil múintear cúpla focal Iodáilise nó Seapáinise sna bunscoileanna agus gan barúil ar bith ag duine ar bith conas a rachadh an cúpla focal sin ar sochar do na páistí. In Éirinn deir an tAire gur fearr teanga na ngaelscoileanna a chaolú le Béarla ar eagla na heagla. Tá fadhb ar leith ag Éirinn, sa mhéid gurb iad na gaelscoileanna a ghlacann an chuid is mó de na múinteoirí líofa anois. Sa dá thír tá múinteoirí dátheangacha gann, agus tá Éire ag díol go géar anois as dúnadh na gColáistí Ullmhúcháin fadó.

In Éirinn tá baint ag an scéal leis an imní atá ar dhaoine faoi chás na Gaeilge i gcoitinne. Tá an Ghaeltacht á goid as agus eagla ar dhaoine go mbainfidh seo an bonn ó fhéiniúlacht na tíre: ní bheidh in Éirinn feasta ach Éire na nGall. Ansin féin, tá dídean eile ann – an ghaelscolaíocht, rud atá á chosaint go nimhneach ag na fíréin. I ndáiríre (rud nach mbeadh mórán Gaeilgeoirí sásta a admháil) is beag difríocht a bheadh idir an Éire atá anois ann agus Éire gan Ghaeilge. Ach is féidir a áitiú, mar sin féin, go rachadh Gaeilge líofa go mór ar sochar do na daltaí, díreach mar a rachadh aon saghas dátheangachais ar sochar dóibh. Is léir anois, áfach, go bhfuil socrú neamhoifigiúil déanta: fágfar múineadh ceart an Ghaeilge faoi na scoileanna lánGhaeilge, agus gan feidhm á baint as an tumoideachas ar mhaithe le teangacha iasachta sna scoileanna lánBhéarla.

San Astráil bíonn an-trácht ar thábhacht na dteangacha Áiseacha, ach is beag múinteoir a bhfuil Indinéisis, Sínis nó Seapáinis ar a thoil aige, agus ní féidir tumoideachas a chur ar siúl mura bhfuil an múinteoir féin lánlíofa. Sin an bunriachtanas: is beag an stró gach rud eile a dhéanamh.

Geallann an tumoideachas lánlíofacht i dteanga nach Béarla í, ach seo díreach an rud a mhúsclaíonn amhras agus eagla i ndaoine gan tuiscint. Is gearr ó foilsíodh scéal i dtaobh an Aire Oideachais i gCúige New Brunswick in oirthear Cheanada, duine a d'fhógair cosc ar thumoideachas luath Fraincise. Is é atá i gceist cosc iomlán ar pháistí ó theaghlaigh Bhéarla a mhúineadh trí Fhraincis go dtí Grád 5, nuair a bhíonn páistí timpeall deich mbliana d'aois. Áitíonn sé, más fíor, gur sna sruthanna Fraincise a bhíonn na daltaí is acadúla agus gurb iad na daltaí sna sruthanna Béarla a bhíonn thíos leis. Más ea, is beag brí atá lena cuid cainte, agus is beag meas atá ag na saineolaithe ar an mbeartas nua.

Gaeilge ghonta
What constitutes 'good Irish' now?

Bheadh á bhformhór ar aon intinn faoi cad is Gaeilge mhaith ann – teanga a chuireann an t-ábhar in iúl go gonta, go cruinn, go grástúil, agus, ar ndóigh, de réir rialacha na gramadaí. Sin an freagra gearr, ach tá freagra eile ann agus é fada go leor.

Bíonn gearán á dhéanamh faoin easpa saibhris atá anois ar an teanga, faoi thionchar an Bhéarla agus faoi laige na nGaeltachtaí mar bhunfhoinsí. Is fada caint na nGaeltachtaí ina tomhas feabhais ag an nGaeilgeoir toisc gurb í sin an Ghaeilge is nádúrtha agus is dúchasaí. Ach is beag duine a déarfadh go bhfuil neartú nó maireachtáil féin i ndán di, de réir na bhfigiúirí atá ar fáil; agus admhaítear gur blasta Gaeilge na ndaoine meánaosta ná Gaeilge a gclainne.

Idir an dá linn tá caint nua ag teacht in uachtar, caint a fháisctear as an ngaelscolaíocht, d'fhormhór. Cibé Gaeilge a bheidh ann feasta ní hí caint na seanfhundúirí i nGaoth Dobhair nó i gCorca Dhuibhne í ach teanga a bheidh roinnte, mórán, idir Baile Átha Cliath agus cathracha Chúige Uladh. I mBaile Munna nó i mBéal Feirste (nó i gCalifornia) a thógfar na cainteoirí dúchais atá le teacht.

Tá daoine ann a aithníonn go bhfuil an teanga á tanú, agus is dóigh leo gur féidir í a shaibhriú arís:

> Is ait é go bhfuil iliomad leabhar agus dlúthdhioscaí ar fáil duit, agus gach saghas cúrsaí go mbeifeá ag lorg, idir ollscoileanna, Ghael Linn, Chonradh na Gaeilge agus dreamanna eile, má tá spéis agat i ngramadach na Gaeilge, ach más spéis leat saibhreas na Gaeilge is beag áis atá ar fáil duit. An t-aon rogha a bhíonn agat ná a bheith ag dul thart le cóip de Chré na Cille á iompar leat i lámh amháin, cóip de Fhoclóir Uí Dhónaill sa lámh eile agus peann luaidhe i do bhéal chun líne a chur faoi na focail nach dtuigeann tú. Tá tábhacht ag baint leis an ngramadach, agus tá obair na gcapall ar bun ag lucht múinte na Gaeilge, ach níor cheart dóibh luí siar ar na maidí.[1]

Is dóigh le mo dhuine gur cóir cúrsaí i saibhreas na Gaeilge a thosú, cúrsaí a bheadh dírithe ar stór focal, ar nathanna cainte agus eile.

An saibhreas teanga a bhí ag na seandaoine fuair siad é mar oidhreacht ó bhéal na ndaoine a tháinig rompu. Ach is stadach an chaint sin anois, agus ní féidir leis na scoileanna lánGhaeilge, dá fheabhas iad, cúiteamh a dhéanamh inti: níl dlúthphobal sinseartha Gaeilge mar thaca acu, agus níl an teanga ach mar rud athláimhe acu.

Má tá an 'Ghaeilge nua' tanaí féin, níl sí gan feidhm. Is féidir í a labhairt agus a scríobh le héifeacht, cé go bhfuil cuid di thar a bheith leamh nó ciotach. Ach is beag an rud nach cúnamh, agus ba bheag an díobháil treise a chur ar shaibhriú na gnáththeanga.

Ar na saolta seo glactar leis go gcaithfidh an scríbhneoir teacht le cibé leagan dá theanga atá á húsáid ina thimpeall, cé gur comhairle í sin nach dtabharfadh an t-aos dána mórán airde uirthi fadó. An Ghaeilge atá anois ann tá sí á húsáid ag daoine a bhfuil Béarla ar a dtoil acu agus a bhaineann feidhm as gach lá. Dá bhrí sin tá tionchar ag an teanga sin ar a gcuid Gaeilge, go háirithe sa chaint. Sin í an Ghaeilge atá anois ann, agus léise a chaithfidh an scríbhneoir teacht, a bheag nó a mhór. Ní féidir tionchar an Bhéarla a chealú: is fusa an saibhriú ná an glanadh.

Tá teangacha ar nós na hÍoslainnise ann agus ar éigean a thagann athrú orthu; ní hamhlaidh don Ghaeilge é. Í ina creach ag an stair, agus rian na staire sin le haithint uirthi. Ní mór a

[1] Colm Ó Broin, *Lá Nua*, 18/4/08: www.nuacht.com.

chuimhneamh, ar a laghad, cé chomh hársa is atá an dúchas a bhaineann léi agus í a shaothrú dá réir.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Beirt bhan

There will always be people who, for reasons of their own, fall in love with Irish. One such comes from Poland, another from the wilds of Idaho.

Ar 16/4/08 bhí alt i nGaeilge ar *The Irish Times* le Danuta Czyzewska, bean atá ina múinteoir meánscoile i Zyrardów sa Pholainn, agus í ag teagasc Béarla agus Fisice. Chuir sí suim sa chultúr Gaelach nuair a tháinig sí ar leabhar ar an miotaseolaíocht Ghaelach agus í ina dalta meánscoile. Lean sí uirthi ag léamh litríocht na hÉireann i mBéarla agus ag cur eolais ar an tír. Ansin tháinig sí ar roinnt seanfhocal Gaeilge agus rinne amach go raibh teanga aisteach eile ann ab fhiú a fhoghlaim.

Anuraidh rinne sí cúrsa a bhí ar siúl ag Gael Linn i nGaoth Dobhair; bhí léamh agus scríobh na teanga aici cheana, agus fonn uirthi a cuid cainte a fheabhsú. Deir sí go ndeachaigh sí go dtí an siopa i nDoirí Beaga oíche agus d'fhiafraigh i nGaeilge arbh fhéidir léi bainne a cheannach ann. 'Yes, it's in the right-hand corner,' a dúirt fear an tsiopa.

Déanann sí a cion féin chun an teanga a chothú ina tír féin. Tá sí ina comhordaitheoir scoile ar thionscadal idirnáisiúnta atá ar siúl le dhá bhliain anuas i gcomhar le scoil in Éirinn agus le trí scoil iasachta eile. Í ag múineadh Gaeilge, amhrán agus rincí Gaelacha.

Tá cosúlacht éigin idir an scéal seo agus scéal Kayla Reed, Meiriceánach óg a tógadh i ndúiche scoite i Stát Idaho, áit (a deir sí) a bhfuil 'na sléibhte thart orainn ar achan taobh dínn'.

> Chuala mé an Ghaeilge den chéad uair nuair a bhí mé naoi mbliana d'aois. Bhí mé ag éisteacht le Raidió Poiblí Mheiriceá (NPR), agus tharla sé go raibh clár faisnéise ar an nGaeilge á chraoladh. M'athair, mar b'eisean a chuir an raidió ar siúl, bhí sé faoi choinne an raidió a mhúchadh arís. 'Fan! Ná déan sin,' arsa mise. Níor luaithe a chuala mé an Ghaeilge ná go raibh dúil as cuimse agam inti.[2]

Ní de shliocht Éireannach Kayla, ach thosaigh sí 'ag bailiú eolais' ar Éirinn, ar lorg leabhar agus ag éisteacht le ceol, nó gur éirigh léi Gaoth Dobhair a bhaint amach timpeall dhá bhliain ó shin. Anois ní féidir léi a chreidiúint go bhféadfadh sí an oiread sin Gaeilge a fhoghlaim ina laghad aimsire. Más ea, ní gan stro é: chaitheadh sí na huaireanta fada ag éisteacht le daoine gan focal a thuiscint, agus í beagnach ceithre mhí ina tost. Fuair sí an-chabhair ó mhuintir na háite agus is léir nach bhfuil aon easpa Gaeilge uirthi anois – Gaeilge ghlan nádúrtha. Faoi láthair atá sí ag déanamh céime sa Ghaeilge agus san Aistriúchán in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tá Gaoth Dobhair ina nasc idir an bheirt seo, agus tá nasc níos láidre ann – an teanga féin, rud a chuir faoi dhraíocht iad. Tá cúiseanna leis sin, cé nach furasta iad a mhíniú. Agus fanann an draíocht, rud álainn míréasúnta diamhair.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

[2] 'Sa Bhaile is i gCéin,' *Feasta*, Aibreán 2008.

GAELTACHT CHEANADA

Tá Deireadh Seachtaine Gaeilge le bheith ann ag Keswick i gceantar Thorontó.

Dátaí: 30 Bealtaine go 1 Meitheamh 2008

Féach an áit ag http://www.lorettomaryholme.ca/contact.php

An praghas: $120, táille a dhíolann as iostas dhá oíche agus as na béilte go léir.

Ní foláir clárú agus íoc roimh 9 Bealtaine.

Beidh ranganna ann le haghaidh ceithre leibhéal, agus a lán rudaí eile – curacha, báid rotha, milseáin a rinneadh sa bhaile, scoth radharc agus ceol.

Breis eolais: kenny-h@rmc.ca

Irish Courses On-Line from Lehman College, New York

Tosóidh ranganna Gaeilge i ndeireadh Mhí na Lúnasa do thosaitheoirí agus do mheánfhoghlaimeoirí. Tá leabhar agus dlúthdhioscaí ar fáil, agus mar chuid den ábhar tá obair ranga, fuaimchomhaid, grianghrafanna, gearrthóga físe, cleachtaí agus tascanna ann. Is féidir cúrsaí a dhéanamh ar son pointí léinn nó gan phointí ar bith.

IRI103: Buntús Gaeilge I – ar líne
IRI105: Buntús Gaeilge 2 – ar líne
IRI201: Meánchúrsaí Gramadaí – ar líne
IRI202: Meánchúrsa Cumadóireachta – ar líne
IRI301 Litríocht Ghaeilge na hImirce – ar líne

Táille: $270 (gan phointí)
Tá seiceanna le híoc le: 'CUNY IIAS'
Cuir seiceanna chun 'CA 188, 250 Bedford Park Blvd West, Bronx, NY 10468'
nó íoc le cárta creidmheasa trí ghlaoch ar 718-960-6722.

Online Irish language classes, beginning at the end of August 2008, for beginners and intermediate. A book and CDs are available, and the material includes classwork, handouts, sound files, photos, video clips, exercises and assignments. Courses can be taken for credit or non-credit.

IRI103: Beginning Irish I - on-line
IRI105: Beginning Irish III - on-line
IRI201: Intermediate Irish Grammar - on-line
IRI202: Intermediate Irish Composition - on-line
IRI301 Irish Language Literature of Immigration - on-line

Fee: $270 (non-credit)
Please make checks payable to: 'CUNY IIAS'
Mail checks to 'CA 188, 250 Bedford Park Blvd West, Bronx, NY 10468'
or pay by credit card by calling 718-960-6722.

See: www.lehman.edu/cunyiias

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Lá na laoch
In Australia, every April, comes Anzac Day, when those who died in war are honoured. But sentiment can turn to sentimentality.

Tá cultas déanta sa tír seo den saighdiúir, rud is ait i dtír nach bhfuil cuma mhíleata ar bith uirthi ar shlite eile. Tagann an fhéile mhór, Lá Anzac:[3] bíonn comóradh ar siúl ar fud na tíre, ceol uaigneach an bhuabhaill go moch ar maidin, mórshiúl, agus scata seandaoine agus seanbhan ann a sheas an fód dá dtír. I rith na seachtaine roimh ré bíonn ailt ar na nuachtáin faoin dá chogadh mhóra, faoi Vítneam, faoi Chogadh na mBórach féin; is mó an tsuim a bhíonn ag na hiriseoirí sa dhíomua ná sa bhua – na mílte marbh ag Gallipoli agus sa Fhrainc, an crá a d'fhulaing príosúnaigh na Seapánach.

Tá cuid mhaith maoithneachais ag gabháil leis seo (maoithneachas na sibhialtach nár lean bualadh an druma riamh) agus cuid fíorbhuartha. Tá daoine ann agus déanann siad machnamh níos doimhne ar an ócáid, iad ag cuimhneamh ar chúiseanna casta na cogaíochta agus ar bhuanú na síochána.

Is annamh a ghabhaimid Astrálaigh cuing chrábhaidh orainn féin, ach nílimid gan dúil éigin sa spioradáltacht; is minic ráite é gurb é sin is ciontaí leis an tsuim atá ag daoine i gcúrsaí timpeallachta agus leis an oiread sin againn a theacht le chéile uair sa bhliain chun glór an bhuabhaill a chloisteáil. Tá na cogaí móra thart; níl iontu anois ach scéal; agus le maolú na cuimhne tagann méadú ar an méid alt, leabhar agus agallamh. Ní meas ach a mhalairt a bhíodh ag mórán daoine ar an lá, agus taithí acu ar na seansaighdiúirí a fheiceáil ar an drabhlás, iad ag ól agus ag scéalaíocht agus sínte gan mhothú um thráthnóna ar an gcosán. Saol eile atá ann anois, agus measúlacht nua, ach bhí ionracas éigin ag baint leis an mbabhta óil.

Ní bheidh deireadh choíche leis na cogaí. Cuimhnímis ar na mairbh agus molaimis ar tháinig slán, ach seachnaímis an tseafóid. Béal iata a dhéanann ceann ciallmhar.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

An t-oileán oirthearach
Australia has close links with and a close interest in Timur Leste (East Timor). Old allegiances and old quarrels have brought turmoil: now a resolution may be possible.

Is gearr go dtiocfaidh tuarascáil dheireanach an Choimisiúin um Fhírinne agus Chairdeas amach i dTíomór Thoir - coimisiún atá ag déanamh fiosrú ar an bhforéigean a bhain leis an vóta neamhspleáchais sa bhliain 1999. Ar an achrann a lean an reifreann is mó atá aird ag an tuarascáil agus ní ainmnítear na daoine a bhí ciontach as an bhforneart. Deirtear, áfach, gurb iad fórsaí armtha na hIndinéise is mó a thug airgead, airm agus traenáil do na mílísteoirí. Cúigear Indinéiseach agus cúigear Tíomórach atá sa choimisiún, agus tá siad i gcoinne pardún ginearálta.

24 bliain a mhair riail na hIndinéise i dTíomór Thoir. Deir na Náisiúin Aontaithe go bhfuair 102,800 duine – 10% den phobal – bás dá bharr, agus b'fhéidir níos mó. Bhain na hIndinéisigh feidhm as gorta mar uirlis chogaidh, chuir siad daoine chun báis go fánach agus chéasaidís aon duine a mheas siad luí a bheith aige leis na ceannaircigh. Lochtaigh Lárionad Idirnáisiúnta an Cheartais Idirthréimhse téarmaí tagartha an choimisiúin toisc nár ceistíodh na cúisithe go dian agus nár tugadh sólás do na daoine a crádh. Dá bhrí sin rinne na Náisiúin Aontaithe baghcat ar na himeachtaí.

[3] ANZAC: Australian and New Zealand Army Corps – ainm a d'eascair as an dlúthnasc a bhí idir an Astráil agus an Nua-Shéalainn riamh i gcúrsaí saighdiúireachta.

Ach bhí scéala eile ann, agus dea-scéala ba ea é: géilleadh an leifteanaint Gastao Salhina, fear a bhí chun tosaigh san ionsaí a rinneadh ar an bPríomh Aire Xanana Gusmao ar 11/2/08, fad is a bhí a chomhpháirtí Alfredo Reinado ag tabhairt ruathair ar theach na Uachtaráin, Jose Ramos Horta.

Sa bhliain 2006 ghearán Salhino agus roinnt mhaith eile go raibh an rialtas róchlaonta le saighdiúirí ón oirthear a mbíodh lé ag cuid acu leis an Indinéis. Tugadh bata agus bóthar do mo dhuine agus dá chairde, agus thosaigh na hagóidí. Ba ghearr go raibh cogadh na gcarad ar siúl, agus 150,000 duine díbeartha: tá a bhformhór ina gcónaí i bpubaill fós. Cruthaíodh go raibh an rialtas ciontach as mílíste a shaighdeadh sna lucht agóidíochta, agus toghadh Gusmao mar an bPríomh Aire nua.

D'fháiltigh na mílte roimh Jose Ramos Horta nuair a tháinig sé ar ais ón Astráil, áit a bhfuair sé leigheas tar éis do lucht a ionsaithe é a ghortú go dona. Ar éigean atá eolas ar an bhfírinne iomlán fós: ní fios go díreach cén rún a bhí ag Alfredo Reinado agus ag a lucht leanúna, agus maraíodh an fear féin i rith an ionsaithe. Deir Ramos Horta go raibh cúnamh á fháil ag Reinado ón Indinéis, rud nach féidir a dhearbhú ná a bhréagnú go fóill. Is furasta a chreidiúint go bhfuil daoine lastall den teorainn a bheadh sásta iaróg a chothú agus díoltas a imirt, cé go bhfuil Rialtas na hIndinéise ag dul sa tóir ar dhaoine is mian le húdaráis Thíomóir Thoir a cheistiú.

Is amhlaidh nach áil le Rialtas Thíomóir Thoir olc a chur ar a gcomharsa. Ón Indinéis a thagann bia, connadh agus earraí, agus tá smacht aici ar theacht agus ar imeacht na n-eitleán agus na long. D'fhéadfadh na Tíomóraigh an dlí a chur ar fheidhmeannaigh san Indinéis, ar nós an tseanAire Chosanta Wiranto, ach dhíolfaidís go dona as.

Ar éigean a phléitear ábhar tabhachtach eile – an caidreamh a bheidh ag Tíomór Thoir agus ag an Indinéis ar a chéile sa síneadh fada agus an rian a d'fhágfadh sin ar chúrsaí cultúir, polaitíochta agus teanga. Is iomaí rud a d'fhéadfadh titim amach tar éis mhaolú an tseanfhaltanais: Indinéisis a bheith ina teanga oifigiúil, ceangal oifigiúil a dhéanamh idir an dá thír de bharr na trádála, agus mar sin de. Ní fios cad tá i ndán don daonlathas i dTíomór Thoir ach oiread; is beag taithí atá ag na feidhmeannaigh agus ag na polaiteoirí atá anois ann ar stát a rialú agus ar leas a bhaint as na hacmhainní agus as an airgead atá le fáil – agus tiocfaidh airgead mór isteach de bharr an gháis nádúrtha. D'fhág drochnósanna na nIndinéiseach a lorg ar iompar na bpóilíní agus an airm, agus níl postanna á gcur ar fáil don aos óg. B'fhéidir go dtiocfadh fear láidir i gcumhacht faoi dheireadh agus cabhair á fáil faoi choim aige ón Indinéis. Tiocfaidh scéal nua agus a chomhartha lena chois.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au